Easpa busanna scoile i gCiarraí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi easpa busanna scoile do dhaltaí chun freastal ar scoil i dTrá Lí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos?

1. school transport system _____
2. the choice _____
3. edge of the Gaeltacht _____
4. Kerry County Council _____
5. catchment area _____
6. Councillor _____
7. Minister for Education _____
8. depending on _____
9. educational scheme _____
10. they are not fluent in Irish _____
11. they are not comfortable with _____

Ceist 2 **(a)** Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?
(b) Scríobh in aon abairt amháin ábhar na míre!

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cá bhfuil Abhainn an Scáil?
2. Cad a bhí le rá ag an Chomhairleoir Michael O'Shea?
3. Cad atá ráite faoin scéim oideachais i bPobalscoil Chorca Dhuibhne?

Ceist 4. '*le **h**oideachas*'

(a) Déan plé leis an duine in aice leat faoin 'h' sa dá shampla seo:

*le **h**oideachas ach ar S**h**eán*

(b) Déan ransú intinne leis an duine in aice leat anois ar na hamanna ar fad a chuirtear an 'h' seo roimh ghuta. Tá cúpla ceann déanta daoibh.

an dara hurlár – tar éis na n-orduimhreacha
a haintín – an aidiacht shealbhach, an tríú pearsa

(c) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois:

1. I'll see you there on Friday.
2. I already gave him the second key.
3. Don't drink that please.
4. Who is that person?
5. I go there from time to time.
6. There were newspapers all over the office.

Ceist 5 Bhí leagan eile sa mhír ar na leaganacha seo thíos, cad iad?

- ní raibh sé ar a gcumas . . .
- ar shlí go . . .
- cuidiú . . .
- ar a suaimhneas . . .

An bhfuil aon leagan eile agat féin ar na leaganacha seo?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

Cén dóigh a dtéann tú (a dteiteá) ar scoil? An dtaitníonn/ar thaitin sé leat? Cén fáth?
Ar cheart go mbeadh córas iompair scoile saor do chách?
An gceapann tú go bhfuil oideachas trí Ghaeilge deacair? Cén fáth?

Treoracha agus freagraí

Ceist 1

1. school transport system – *córas iompair scoile*
2. the choice – *an rogha*
3. edge of the Gaeltacht – *imeall na Gaeltachta*
4. Kerry County Council – *Comhairle Contae Chiarraí*
5. catchment area – *abhantrach*
6. Councillor – *Comhairleoir*
7. Minister for Education – *An tAire Oideachais*
8. depending on – *ag brath ar*
9. educational scheme – *scéim oideachais*
10. that are not fluent in Irish – *níl an Ghaeilge ar a dtoil acu*
11. they are not comfortable with – *níl siad ar a gcompord le*

Ceist 2

(a) Téigh siar ar an stór focal thuas.
(b) Abair leis an rang achoimre aon líne a scríobh faoin mhír.

Ceist 3

1. Tá Abhainn an Scáil ar imeall na Gaeltachta i gCiarraí Thiar.
2. Dúirt sé go n-iarrfaí ar an Aire Oideachais na rialacha maidir leis an gcóras iompair scoile a athrú ionas go mbeidh rogha taistil ag daltaí d'oideachas trí Ghaeilge nó trí Bhéarla agus go bhfuil na daltaí ag dul ar scoil Bhéarla i dTrá Lí anois. Dúirt sé go rabhadar ag brath ar an gcóras iompair phoiblí atá ag cosaint deich euro sa tseachtain ar gach dalta.
3. Tá scéim oideachais curtha ar bun i bPobalscoil Chorca Dhuibhne chun cabhrú leosan nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu.

Ceist 4

(a) Cuirtear ‘h’ ar ghuta. Ní séimhiú é seo mar ní féidir guta a dhéanamh níos séimhe, cuirtear séimhiú ar chonsan.

(b) *an dara **h**urlár – tar éis na n-orduimhreacha*
*a **h**aintín – an aidiacht shealbhach, an tríú pearsa*
*ar fud na **h**áite – an tuiseal ginideach, uimhir uatha, focal baininscneach*
*na **h**uimhreacha – an tuiseal ainmneach agus tabharthach san uimhir iolra*
*go **h**Éirinn, le **h**Úna, chomh **h**ard – tar éis na réamhfhocal seo*
cá háit – tar éis **cá**
*Seán Ó **h**Ógáin – tar éis* **Ó** *i sloinnte*
*Dé **h**Aoine – tar éis* **Dé**
*cé **h**é? Ní **h**í – Tar éis* **cé** *agus* **ní** *le forainm*
*ná **h**abair sin – ar an bhriathar sa mhodh ordaitheach tar éis* **ná**

(c)

1. I’ll see you there on Friday.
   Feicfidh mé ansin tú Dé hAoine.
2. I already gave him the second key.
   Thug me an dara heochair dó cheana féin.
3. Don’t drink that please.
   Ná hól sin le do thoil.
4. Who is that person?
   Cé hé an duine sin?
5. I go there from time to time.
   Téim ann ó am go ham.
6. There were newspapers all over the office.
   Bhí nuachtáin ar fud na hoifige.

Ceist 5

ní raibh sé ar a gcumas / ní raibh siad in ann do
ar shlí go / ionas go
cuidiú / cabhrú
ar a suaimhneas / ar a gcompord

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Éimear Ní Chonaola

Tá Comhairle Contae Chiarraí ag iarraidh ar an Aire Oideachais na rialacha a bhaineann leis an gcóras iompair scoile a athrú le go mbeidh an rogha ag daltaí oideachas a fháil i mBéarla nó i nGaeilge. Dúradh go raibh roinnt daltaí sa Ghaeltacht[i] a bhfuil deacrachtaí acu le hoideachas i nGaeilge ach nach raibh aon chóras iompair scoile ar fáil dóibh le freastal ar scoil Bhéarla.

Tomás Ó Mainnín

Tá Abhainn an Scáil ar imeall na Gaeltachta i gCiarraí Thiar. Ó thaobh oideachais dara leibhéal tá sí in abhantrach sheirbhís iompair scoile an Daingin. Ach, inniu i gcruinniú de Chomhairle Contae Chiarraí, dúradh nach raibh daltaí áirithe ó Abhainn an Scáil in ann don oideachas trí Ghaeilge sa Daingean.

D'iarr an Comhairleoir Michael O'Shea go n-iarrfaí ar an Aire Oideachais na rialacha maidir leis an gcóras iompair scoile a athrú ionas go mbeidh rogha taistil ag daltaí d'oideachas trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Dúirt an Comhairleoir O'Shea go bhfuil na daltaí ag dul ar scoil Bhéarla i dTrá Lí anois. Dúirt sé go rabhadar ag brath ar an gcóras iompair phoiblí[ii] atá ag cosaint deich euro sa tseachtain ar gach dalta. Ghlac Comhairle Contae Chiarraí inniu leis go scríobhfaí go dtí an tAire Oideachais[iii] ag iarraidh na rialacha maidir leis an gcóras iompair scoile a athrú.

Tá scéim oideachais curtha ar bun i bPobalscoil Chorca Dhuibhne chun cabhrú leosan nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu, ach is cosúil nach bhfuil tuismitheoirí nó daltaí áirithe ar a gcompord leis. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, in Abhainn an Scáil i gContae Chiarraí.

---

[i] *sa nGaeltacht* a deirtear sa chaint i gcanúint an Iarthair
[ii] *poiblí* a deirtear
[iii] *an Aire Oideachais* a deirtear